

Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte

Seicliosta Fostóra 3 - Ionduchtú

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Is gá leasú a dhéanamh ar an ionduchtú, nó an seisiún eolais faoin ionad oibre, a thugtar d'fhostaithe nua go hiondúil, ionas go n-áireofar eolas faoi COVID-19 agus bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) chun leathadh an víris a chosc. Caithfear ionduchtú COVID-19 a thabhairt do gach oibrí nuair a fhilleann siad ar an obair/i ndiaidh an t-ionad oibre a athoscailt tar éis a dhúnta.

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
1.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19 agus chun an chomhairle sin a chur in iúl do na hoibrithe?			
2.	An bhfuil oiliúint ionduchtaithe curtha ar fáil do na hoibrithe a fhilleann ar an obair, agus nuair a athosclaítear do ghnó i ndiaidh a dhúnta?			
3.	An bhfuil Foirm COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair tugtha agat do na hoibrithe sula bhfilleann siad ar an obair? An bhfuil na foirmeacha sin líonta isteach agus tugtha ar ais duit? (Féach ar an teimpléad d'Fhoirm COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair.)			
4.	An bhfuil an chomhairle agus treoir Sláinte Poiblí is deireanaí tugtha do na hoibrithe, lena n-áirítear comharthaí agus siomptóim COVID-19?			
5.	An bhfuil an cúrsa ar líne ó HSA, Work Safely Induction, ar hsa.ie/covid19 mar chuid den Ionduchtú?			
6.	An bhfuil an chaoi a leatar an víreas mínithe agat do na hoibrithe?			
7.	An bhfuil na bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) atá i bhfeidhm chun an baol go nochtfaí oibrithe do COVID-19 a laghdú pléite agat? (Féach ar Sheicliosta 2.)			
8.	An bhfuil eolas agus comhairle tugtha agat do na hoibrithe faoi scaradh fisiciúil, sláinteachas maith lámh agus béasa riospráide?			
9.	An bhfuil treoracha soiléire tugtha do na hoibrithe faoin gcaoi le teocht a thástáil san ionad oibre, má theastaíonn sé sin de réir na comhairle Sláinte Poiblí?			
10.	An bhfuil eolas tugtha agat do na hoibrithe faoi na grúpaí is mó atá i mbaol agus an bhfuil tú tar éis a iarraidh orthu a rá leat go príobháideach má bhaineann siad le haon cheann de na catagóirí sin?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
11.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile má tá aon chomharthaí nó siomptóim COVID-19 orthu, nó má airíonn siad go dona, agus an bhfuil tú tar éis a dteidlíochtaí má tá siad tinn nó más gá dóibh a bheith ar coraintín a chur in iúl dóibh?			
12.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe céard ba cheart a dhéanamh má thagann siomptóim COVID-19 orthu ag an obair, cé leis a rachaidh siad i dteagmháil, agus cén áit a bhfuil an limistéar leithlísithe? (Féach ar Sheicliosta 4.)			
13.	An bhfuil tú tar éis cuspóir an loga teagmhála COVID-19 san ionad oibre a chur in iúl do na hoibrithe agus an chúis a bhfuil sé ag teastáil?			
14.	An bhfuil aon athruithe ábhartha ar do Phlean Freagartha COVID-19 pléite agat? (Féach ar an teimpléad do Phlean Freagartha COVID-19.)			
15.	An bhfuil aon nuashonruithe ábhartha san áireamh anois i do mheasúnuithe riosca agus ráiteas sábháilteachta?			
16.	An bhfuil eolas faoi athruithe ar do phleananna éigeandála curtha san áireamh agat?			
17.	An bhfuil míniú tugtha agat ar aon athruithe ar nósanna imeachta garchabhrach chun an baol go nochtfaí oibrithe agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir?			
18.	An bhfuil ainm an Phríomh-Ionadaí Oibrithe/na bPríomh-Ionadaithe Oibrithe curtha in iúl do gach oibrí, agus a ról mínithe?			
19.	An bhfuil aon uainchláir foirne nua, lena n-áirítear eolas faoi fhoirne/mheithleacha (pods), athrú ar amanna tosaigh/críochnaithe, sceidealú sosanna, etc., mínithe agat?			
20.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe a lámha a ní le gallúnach agus uisce nó le díghalrán lámh* (60% alcól ar a laghad nó díghalrán nach bhfuil alcólbhunaithe) ar feadh 20 soicind ar a laghad, agus go háirithe: <ul style="list-style-type: none"> • i ndiaidh casachta agus sraothartaí, • roimh ithe agus ina dhiaidh, • roimh bhia a ullmhú agus ina dhiaidh, • roimh chlúdach aghaidhe a bhaint agus ina dhiaidh, • má bhítear i dteagmháil le duine ar a bhfuil siomptóim COVID-19 ar bith, • roimh dhul ar iompar poiblí agus ina dhiaidh, • roimh bheith i slua agus ina dhiaidh, • ag sroicheadh agus ag fágáil an ionaid oibre/láithreáin eile, • ag dul isteach nó amach as feithiclí, • roimh thoitín a chaitheamh nó vápáil, • nuair atá lámha salach. Má bhreathnaíonn siad salach, nigh na lámha le gallúnach agus uisce, agus • i ndiaidh an leithreas a úsáid. 			

* Nuair atá díghalrán lámh á roghnú, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil sé éifeachtach in aghaidh COVID-19 (coróinvíreas).

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
21.	An bhfuil sé mínithe do na hoibrithe chomh tábhacht is atá sé gan lámh a leagan ar a n-aghaidh (súile, srón, béal go háirithe)?			
22.	An bhfuil sé mínithe agat go gcaithfidh oibrithe cloí le scaradh fisiciúil agus teagmháil fhisiceach le comhoibrithe, custaiméirí nó cuairteoirí a sheachaint?			
23.	An bhfuil sé mínithe agat go gcaithfear réimeas glantacháin a chur i bhfeidhm faoi dhó sa lá ar dhromchlaí a leagtar lámh orthu go minic, ar nós murláin dorais, ráillí láimhe, lasca solais, citeal, meaisíní caife, meaisíní díola, tóstaer, micreathonnán, doirse cuisneora, etc.?			
24.	An bhfuil tar éis a rá leis na hoibrithe nár cheart earraí ar nós cupán, buidéal, sceanra, peann, bia nó deochanna a roinnt?			
25.	An bhfuil ábhair ghlantacháin tugtha agat do na hoibrithe, mar shampla ceirtíní/táirgí díghalraithe, tuáillí páipéir, agus boscaí/málaí bruscair, chun a spás oibre féin a choinneáil glan? An bhfuil tú tar éis labhairt leo faoi na nósanna imeachta chun dramhaíl phearsanta a dhiúscairt san ionad oibre (mar shampla, ciarsúir pháipéir, ceirtíní agus ábhair ghlantacháin úsáidte a dhiúscairt)?			
26.	An bhfuil an moladh Sláinte Poiblí faoin uair a chaithfear clúdach aghaidhe a úsáid curtha in iúl do na hoibrithe agat?			
27.	An bhfuil taisteal a bhaineann leis an obair laghdaithe a oiread agus is féidir agus an bhfuil bealach curtha ar fáil agat d'oibrithe páirt a ghlacadh i gcruinnithe go cianda ar líne seachas go pearsanta?			
28.	An bhfuil tú tar éis a mholadh do na hoibrithe taisteal chuig an/ón obair agus le haghaidh na hoibre leo féin? Má tá a gcarr pearsanta in úsáid don obair, an bhfuil tú tar éis a rá leo nár cheart go mbeadh ach paisinéir amháin eile ar a mhéad leo, a bheadh suite de réir na dtreoirínte scartha fisiciúil?			
29.	Má chaithfidh oibrithe feithicil oibre a roinnt nó taisteal chuig an/ón obair le daoine eile i bhfeithicil, an bhfuil siad ag taisteal mar fhoireann/mheitheal (pod)? An bhfuil tú tar éis a rá leo clúdaigh/maisc aghaidhe a chaitheamh, agus a lámha a ní roimh thaisteal le chéile agus ina dhiaidh, de réir na comhairle Sláinte Poiblí?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
30.	An bhfuil díghalrán lámh agus trealamh glantacháin tugtha d'oibrithe dá bhfeithicil oibre, agus an bhfuil glantachán ar bun roimh gach seal agus ina dhiaidh? An bhfuil a fhios ag na hoibrithe go gcaithfear pointí teagmhála inmheánacha a ghlanadh ag tús agus deireadh gach seala?			
31.	An bhfuil tú tar éis na hoibrithe a chur ar an eolas faoi na tacaí atá ar fáil dóibh má airíonn siad imníoch nó faoi bhrú?			
32.	An bhfuil míniú tugtha agat ar an mbealach ceart le haon PPE a theastaíonn a fheistiú, a úsáid, a bhaint, a ghlanadh, a stóráil agus a dhiúscairt?			
33.	An bhfuil córas i bhfeidhm a chuireann ar chumas na n-oibrithe ceisteanna nó ábhar imní a tharraingt anuas agus a fhreagraíonn dóibh?			
Conraitheoirí agus Cuairteoirí (Ionduchtú)				
34.	An bhfuil socruithe i bhfeidhm agat chun oiliúint ionduchtaithe a chur ar fáil do chonraitheoirí agus do chuairteoirí ar an ionad oibre? Is féidir an cúrsa ar líne ó HSA, Work Safely Induction, a úsáid chuige sin, chomh maith le comhairle shonrach a bhaineann leis an ionad oibre: Féach ar hsa.ie/covid19 .			
Eolas Breise				

Ainm: _____ Síniú: _____ Dáta: _____

Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailiteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhásacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.